2024/2954

2.12.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2954 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Samhain 2024

lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/640 a mhéid a bhaineann le ceanglais aeracmhainneachta bhreise nua a thabhairt isteach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 17(1), pointe (h), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 76(3) de Rialachán (AE) 2018/1139, eisíonn Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa ('an Ghníomhaireacht') sonraíochtaí deimhniúcháin agus nuashonraíonn sí go rialta iad chun a áirithiú go leanann siad de bheith oiriúnach don fheidhm. Mar sin féin, maidir le haerárthach ar deimhníodh a dhearadh cheana, ní cheanglaítear air a bheith i gcomhlíontacht leis an leagan nuashonraithe de na sonraíochtaí deimhniúcháin ag tráth a tháirgthe nó le linn é a bheith i seirbhís. Dá bhrí sin, chun tacú leis an aeracmhainneacht leanúnach agus le feabhsuithe sábháilteachta, ba cheart comhlíonadh na gceanglas aeracmhainneachta breise ag na haerárthaí sin a thabhairt isteach, ceanglais nach raibh sna sonraíochtaí deimhniúcháin tosaigh tráth a deimhníodh an dearadh. I Rialachán (AE) 2015/640 ón gCoimisiún ([2]), leagtar amach na ceanglais aeracmhainneachta bhreise sin.

(2) Ba cheart raon feidhme Rialachán (AE) 2015/640 a leasú chun go mbeidh sé comhsheasmhach le hAirteagal 2 de Rialachán (AE) 2018/1139 a mhéid a bhaineann le hoibreoirí aerárthaí.

(3) Sonraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2015/640 an raon feidhme d'oibreoirí a n-áirithíonn Ballstát maoirseacht ina leith agus na haerárthaí dá dtagraítear in Airteagal 1 den Rialachán sin á n-oibriú acu. Leasaíodh Airteagal 1 ina dhiaidh sin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1159 ón gCoimisiún ([3]) chun an raon feidhme sin a chur san áireamh, sa chaoi nach raibh feidhm a thuilleadh le hAirteagal 3 nuair a tugadh isteach Airteagal 1(2), pointe (a). Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2015/640 a scriosadh.

(4) Sna sonraíochtaí deimhniúcháin le haghaidh Rótarárthaí Beaga (CS-27) agus Rótarárthaí Móra (CS-29), tá sonraíochtaí a bhaineann le córais bhreosla atá frithsheasmhach in aghaidh tuairteanna le haghaidh héileacaptar. Mar sin féin, tá cuid shuntasach de na héileacaptair inseirbhíse nach bhfuil feistithe le córais bhreosla atá frithsheasmhach in aghaidh tuairteanna ach tharla roinnt tionóscí marfacha arbh fhéidir teacht slán uathu dá mba rud é go raibh córas den sórt sin feistithe ar na héileacaptair. Cuireadh an méid sin i dtábhacht freisin sna moltaí sábháilteachta arna n-eisiúint ag comhlachtaí éagsúla um imscrúdú tionóiscí. I bhfianaise riosca na dtionóiscí marfacha agus an ghá ardleibhéal aonfhoirmeach sábháilteachta san eitlíocht shibhialta a choinneáil san Aontas, tá sé comhréireach agus costéifeachtúil roinnt de na sonraíochtaí sin a dhéanamh infheidhme maidir le roinnt héileacaptair inseirbhíse a oibrítear san Aontas agus maidir leis na cinn a tháirgfear tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 2015/640 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2015 maidir le sonraíochtaí breise aeracmhainneachta le haghaidh cineál oibríochtaí ar leith agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 (IO L 106, 24.4.2015, lch. 18, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg/2015/640/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1159 ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2020 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1321/2014 agus (AE) Uimh. 2015/640 a mhéid a bhaineann le ceanglais aeracmhainneachta breise nua a thabhairt isteach (IO L 257, 6.8.2020, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1159/oj).

(5) Le Leasú 109 ar Iarscríbhinn 8 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta, a síníodh an 7 Nollaig 1944 i Chicago (Coinbhinsiún Chicago), ghlac Comhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta Caighdeáin agus Cleachtais Mholta nua ('SARPanna') chun a áirithiú go gcuirfidh sealbhóir an fhormheasa deartha faisnéis maidir le saintréithe deartha a bhaineann le hacmhainní cosanta dóiteáin in urranna lastais na n-eitleán agus na héileacaptar ar fáil d'oibreoirí aitheanta uile na n-aerárthaí sin. Ba cheart na SARPanna sin a ionchorprú chun sábháilteacht oibríochtaí a choinneáil ar bun le haghaidh aerárthaí a iompraíonn earraí contúirteacha san urrann lastais. Ba cheart an fhaisnéis sin a bheith ina cuidiú d'oibreoirí agus iad ag cinneadh teorainneacha na n-acmhainneachtaí sonracha cosanta dóiteáin san urrann lastais arna mbunú le linn deimhniúcháin a chinneadh agus an measúnú riosca á dhéanamh acu maidir le hiompar earraí contúirteacha mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún ([4]).

(6) Ba cheart na SARPanna a ionchorprú i reachtaíocht an Aontais maidir le heitleáin bheaga agus mhóra agus maidir le héileacaptair bheaga agus mhóra agus ba cheart iad a bheith infheidhme maidir leis na haerárthaí sin a n-eiseofar an deimhniú aeracmhainneachta aonair ina leith den chéad uair an 1 Eanáir 2025 nó ina dhiaidh sin. Ba cheart na ceanglais nua maidir le heitleáin bheaga agus héileacaptair bheaga a bheith comhréireach leis an riosca sábháilteachta agus níor cheart feidhm a bheith acu ach amháin i gcás urranna lastais atá scartha ó chró an phíolóta. Mar gheall ar leathnú raon feidhme Fhochuid B d'Iarscríbhinn I chun eitleáin bheaga a chur san áireamh, ba cheart roinnt ceanglas atá san Fhochuid sin cheana a leasú chun a shonrú go bhfuil feidhm acu maidir le heitleáin mhóra.

(7) Le héifeacht ón 26 Feabhra 2021, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1159, cuireadh isteach in Iarscríbhinn I (Cuid-26) a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/640 pointe nua 26.205 lena gceanglaítear ar oibreoirí eitleán mór a úsáidtear san aeriompar tráchtála a áirithiú go bhfuil gach eitleán a n-eiseofar an chéad deimhniú aeracmhainneachta aonair ina leith an 1 Eanáir 2025 nó ina dhiaidh sin feistithe le córas feasachta agus foláirimh um rith thar fóir rúidbhealaigh. Tá fadhbanna tionsclaíocha roimh roinnt sealbhóirí móra deimhnithe cineáil eitleáin, rud a fhágann moilleanna suntasacha a chuireann cosc orthu eitleáin nuatháirgthe atá feistithe le córas feasachta agus foláirimh um rith thar fóir rúidbhealaigh atá deimhnithe a chur ar fáil roimh an 1 Eanáir 2025. Ní bheidh oibreoirí a ghlacann le seachadadh na n-eitleán sin in ann pointe 26.205 a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, ba cheart dáta chur i bhfeidhm phointe 26.205 a chur siar chun na hacmhainneachtaí tionsclaíocha atá ann faoi láthair a léiriú agus ionas go mbeidh leanúnachas gnó ag oibreoirí eitleán mór. Níor cheart tionchar suntasach a bheith ag cur siar an dáta sin ar an tsábháilteacht.

(8) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1159, cuireadh pointe nua 26.157 isteach in Iarscríbhinn I (Cuid-26) a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/640, le héifeacht ón 26 Lúnasa 2023. I gcomhréir leis an bhforáil sin, na heitleáin mhóra uile a bheidh i seirbhís agus a bheidh deimhnithe ag an nGníomhaireacht agus a úsáidfear in aeriompar tráchtála an 26 Lúnasa 2023 nó ina dhiaidh éis sin, tá siad le ceanglais aeracmhainneachta bhreise i dtaca le tiontú urrann lastais nó bagáiste d'Aicme D a chomhlíonadh. Mar sin féin, os rud é, i gcás cineálacha áirithe oibríochtaí, gur lú an riosca, i gcás eitleáin mhóra áirithe nach n-iompraíonn ach líon beag taistealaithe, go dtosódh tine le linn eitilte ina n-urrann lastais nó bagáiste d'Aicme D agus go n-éireodh sí ina tine dhosmachtaithe, ní mór oibreoirí na n-eitleán sin a dhíolmhú ón oibleagáid pointe 26.157 a chomhlíonadh ionas nach gcuirfear ualaí neamh-chomhréireacha agus neamh-chostéifeachtúla orthu. Ar an gcúis sin, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1254 ón gCoimisiún ([5]) cuireadh liosta nua in ionad Fhoscríbhinn 1 'Liosta na samhlacha eitleáin nach bhfuil faoi réir forálacha áirithe d'Iarscríbhinn I (Cuid-26)', lena n-áirítear cineálacha agus samhlacha eitleáin nach bhfuil feidhm ag pointe 26.157 maidir leo. Thángthas ar an gconclúid in imscrúduithe breise go bhféadfadh baint a bheith ag cineálacha eitleán móra eile nach n-iompraíonn ach líon beag taistealaithe nach bhfuil ar an liosta sin le hoibríochtaí (oibríochtaí gnó go príomha), a mbeadh riosca níos ísle ag baint leo go dtosódh tine le linn eitilte ina n-urrann lastais nó bagáiste d'Aicme D agus go n-éireodh an tine sin as smacht. Dá bhrí sin, chun nach gcuirfí ualaí neamh-chomhréireacha agus neamh-chostéifeachtúlachta ar a n-oibreoirí, ba cheart díolúine ar bhonn comhionann a thabhairt do na samhlacha eitleáin sin ón oibleagáid pointe 26.157 a chomhlíonadh.

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/965/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1254 ón gCoimisiún an 19 Iúil 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/640 a mhéid a bhaineann le ceanglais aeracmhainneachta breise nua a thabhairt isteach (IO L 191, 20.7.2022, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1254/oj).

(9) Le héifeacht ón 26 Feabhra 2021, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1159 cuireadh isteach in Iarscríbhinn I (Cuid-26) a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/640 pointe nua 26.370, lena dtugtar aghaidh ar aeracmhainneacht leanúnach struchtúir mhóra aerárthaí atá ag éirí sean agus lena gceanglaítear ar na hoibreoirí nó ar na húinéirí an clár cothabhála aerárthaí dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I (Cuid-M) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún ([6]) a ullmhú chun na gnéithe a liostaítear sa phointe sin a áireamh. Mar sin féin, ní thagann úinéirí aerárthaí faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2015/640, agus níor cheart ceangal díreach a chur ar na hoibreoirí clár cothabhála na n-eitleán a ullmhú ós rud é gurb í an eagraíocht atá freagrach as bainistiú na haeracmhainneachta leanúnaí a fhorbraíonn an clár sin. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag pointe 26.370 ach amháin maidir le hoibreoirí chun a áirithiú go n-áireofar sa chlár cothabhála na heilimintí is gá gan ceangal a chur ar na hoibreoirí an clár sin a ullmhú iad féin.

(10) Ina theannta sin, níor cheart tagairt shonrach a dhéanamh i bpointe 26.370 d'Iarscríbhinn I (Cuid-M) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014, ós rud é nach gcumhdaítear le raon feidhme Chuid-M na heitleáin mhóra uile a oibríonn na hoibreoirí a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2015/640 agus a bhfuil feidhm ag pointe 26.370 maidir leo.

(11) Ceanglais eile i Rialachán (AE) 2015/640 a bhaineann le pointe 26.370, ba cheart iad a leasú chun a áirithiú go gcuirfidh sealbhóir an fhormheasa deartha na treoracha maidir le haeracmhainneacht leanúnach ar fáil d'oibreoirí aitheanta uile na n-eitleán lena mbaineann agus, arna iarraidh sin, d'aon duine eile a gceanglaítear air na treoracha sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear na heagraíochtaí atá freagrach as aeracmhainneacht leanúnach a bhainistiú.

(12) Ba cheart an dara habairt den sainmhíniú ar chlár um chosc agus rialú creimthe in Airteagal 2, pointe (g) a scriosadh toisc nach cuid den sainmhíniú í, agus toisc go bhfuil substaint na habairte sin cheana féin i bpointe 26.304 d'Iarscríbhinn I (Cuid-26) a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/640 agus i bpointe (k) de CS 26.370 de shonraíochtaí deimhniúcháin le haghaidh sonraíochtaí aeracmhainneachta breise le haghaidh oibríochtaí (CS-26).

(13) Ba cheart ceanglais eile a shoiléiriú, amhail na ceanglais sin a bhaineann le struchtúir eitleán atá ag éirí sean. Ina theannta sin, ba cheart tagairtí do mhórathruithe agus d'aerárthaí faoi chumhacht tuirbín a scriosadh toisc nach bhfuil feidhm acu a thuilleadh maidir le raon feidhme an deimhnithe fhorlíontaigh cineáil agus an sainmhíniú ar eitleáin mhóra, faoi seach.

(14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo bunaithe ar Thuairim Uimh. 05/2024, ([7]) arna heisiúint ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le hAirteagal 75(2), pointí (b) agus Airteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2018/1139.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2015/640 mar a leanas:

(1) In Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) oibreoirí:

(i) aerárthaí a cláraíodh i mBallstát, mura rud é gur aistrigh an Ballstát a fhreagrachtaí de bhun Choinbhinsiún Chicago chuig tríú tír agus go bhfuil an t-aerárthach á oibriú ag oibreoir aerárthaí tríú tír, agus a mhéid is fíor sin;

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2014 maidir le haeracmhainneacht leanúnach na n-aerárthach agus táirgí, páirteanna agus fearais aerloingseoireachta, agus maidir le formheas na n-eagraíochtaí agus an phearsanra a bhfuil baint acu leis na cúraimí sin (IO L 362, 17.12.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/1321/oj).

([7]) Tuairim 05/2024 an 21 Meitheamh 2024 ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, Cuid-26 – Córais bhreoslaí i héileacaptair atá frithsheasmhach in aghaidh tuairteanna, Faisnéis maidir le hacmhainneachtaí cosanta dóiteáin san urrann lastais, Córais feasachta agus foláirimh um rith thar fóir rúidbhealaigh, Tiontú urrann d'Aicme D.

(ii) aerárthaí a cláraíodh i dtríú tír agus atá á oibriú ag oibreoir aerárthaí atá bunaithe nó a chónaíonn nó a bhfuil príomhionad gnó aige i gcríoch ina bhfuil feidhm ag na Conarthaí;

(b) sealbhóirí deimhnithe cineáil, deimhnithe shrianta cineáil, deimhnithe fhorlíontaigh cineáil, formheasa athraithe deartha nó formheasa deartha deisiúcháin arna eisiúint ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 (*)ón gCoimisiún nó a mheastar a eisíodh i gcomhréir le hAirteagal 3 den Rialachán sin;

(c) na hiarratasóirí ar dheimhniú cineáil nó ar dheimhniú srianta cineáil d'eitleán mór, ar cuireadh isteach an t-iarratas ina leith roimh an 1 Eanáir 2019 agus a n-eisítear an deimhniú dóibh tar éis an 26 Lúnasa 2020 nuair a shonraítear sin in Iarscríbhinn I (Cuid-26).

_____

(*) Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh aeracmhainneachta agus deimhniúchán comhshaoil aerárthaí agus táirgí, codanna agus fearas gaolmhar, agus le haghaidh deimhniúcháin eagraíochtaí deartha agus táirgthe (IO L 224, 21.8.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/748/oj).';

(2) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) go (ca):

'(b) ciallaíonn 'eitleán mór' eitleán arb é atá mar bhonn deimhniúcháin aige na Sonraíochtaí Deimhniúcháin le haghaidh Eitleáin Mhóra 'CS-25' nó a gcoibhéis sin;

(ba) ciallaíonn 'eitleán beag' eitleán arb é atá mar bhonn deimhniúcháin aige na Sonraíochtaí Deimhniúcháin le haghaidh Eitleáin de Ghnáthchatagóir 'CS-23' nó a gcoibhéis sin;

(c) ciallaíonn 'héileacaptar mór' héileacaptar arb é atá mar bhonn deimhniúcháin aige na Sonraíochtaí Deimhniúcháin le haghaidh Rotarárthaí Móra 'CS-29' nó a gcoibhéis sin;

(ca) ciallaíonn 'héileacaptar beag' héileacaptar arb é atá mar bhonn deimhniúcháin aige na Sonraíochtaí Deimhniúcháin le haghaidh Rotarárthaí Beaga 'CS-27' nó a gcoibhéis sin;'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

'(g) ciallaíonn 'clár um chosc agus rialú creimthe' doiciméad a léiríonn cur chuige córasach chun creimeadh a chosc agus a rialú i bpríomhstruchtúr eitleáin, arb é atá ann bunchúraimí creimthe, lena n-áirítear cigireachtaí, limistéir atá faoi réir na gcúraimí sin, leibhéil shainithe creimthe agus amanna comhlíonta (tairseacha cur chun feidhme agus atheatraimh);';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (i) agus (j):

'(i) ciallaíonn 'struchtúr bonnlíne' an struchtúr a dearadh faoin deimhniú cineáil nó faoin deimhniú srianta cineáil don tsamhail eitleáin sin (is é sin, 'samhailchumraíocht an eitleáin mar a dhéantar é a sheachadadh');

(j) ciallaíonn 'struchtúr bonnlíne criticiúil i dtaobh na strustuirse' struchtúr bonnlíne eitleáin atá aicmithe ag sealbhóir an deimhnithe cineáil nó an deimhnithe shrianta cineáil mar struchtúr criticiúil i dtaobh na strustuirse;';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (m) agus phointe (n):

'(m) ciallaíonn 'iniúchadh lamháltais damáiste' ceanglas iniúchta doiciméadaithe nó aon ghníomhaíocht chothabhála eile arna forbairt ag sealbhóirí deimhnithe cineáil, deimhnithe shrianta cineáil, deimhnithe fhorlíontaigh cineáil nó formheasa ar mhórathrú atá ann cheana mar a shonraítear in Iarscríbhinn I (Cuid-26) de thoradh meastóireachta lamháltas damáiste, lena n-áirítear na limistéir a bheidh le hiniúchadh, an modh iniúchta, na nósanna imeachta iniúchta (lena n-áirítear na céimeanna iniúchta seicheamhacha agus na critéir ghlactha agus diúltaithe), an tairseach iniúchta agus aon eatramh atriallta a bhaineann leis na hiniúchtaí sin agus freisin, i gcás inarb iomchuí, sonrú na ngníomhaíochtaí cothabhála amhail athsholáthar, deisiú nó athrú;

(n) ciallaíonn 'Treoirlíne um meastóireacht deisiúchán' sceideal próisis agus cur chun feidhme chun suirbhéanna a dhéanamh arna mbunú ag an sealbhóir deimhnithe cineáil nó ag an sealbhóir deimhnithe shrianta cineáil le haghaidh deisiúcháin a dhéanann difear do struchtúir atá criticiúil i dtaobh na strustuirse chun sláine struchtúrach leanúnach na ndeisiúchán ábhartha uile a áirithiú, mar a shonraítear i bpointe 26.309 d'Iarscríbhinn I (Cuid-26);';

(3) Scriostar Airteagal 3;

(4) Leasaítear Iarscríbhinn I (Cuid-26) i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/640 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad chlár na n-ábhar:

'CLÁR NA nÁBHAR

FOCHUID A —
FORÁLACHA GINEARÁLTA

26.10 Údarás inniúil

26.20 Trealamh atá ar ainghléas go sealadach

26.30 Léiriú ar chomhlíontacht

FOCHUID B —
EITLEÁIN

26.50 Suíocháin, beartanna, criosanna sábhála, agus úmacha

26.60 Tuirlingt éigeandála — dálaí dinimiciúla

26.100 Ionad na mbealaí amach éigeandála

26.105 Rochtain ar bhealaí amach éigeandála

26.110 Marcálacha bealaigh amach éigeandála

26.120 Soilsiú éigeandála laistigh agus oibriú an tsoilsithe éigeandála

26.150 Taobh istigh de na hurranna

26.155 Inadhainteacht na líneála in urranna lastais

26.156 Ábhair inslithe theirmigh nó fuaime

26.157 Tiontú urranna d'Aicme D

26.160 Cosaint ar dhóiteán sna leithris

26.170 Múchtóirí dóiteáin

26.175 Cosaint ar dhóiteán in urranna lastais

26.200 Rabhadh fuaime trealaimh tuirlingthe

26.201 Brú teannaidh boinn

26.205 Córais feasachta agus foláirimh um rith thar fóir rúidbhealaigh

26.250 Córais oibrithe dhoras urrann na foirne eitilte — éagumasú baill aonair

26.300 Clár um shláine struchtúrach leanúnach le haghaidh struchtúir eitleán atá ag éirí sean — ceanglais ghinearálta

26.301 Plean Comhlíontachta le haghaidh sealbhóirí deimhnithe cineáil shrianta

26.302 Meastóireacht um strustuirse agus lamháltas damáiste

26.303 Teorainn bhailíochta

26.304 Clár um chosc agus rialú creimthe

26.305 Bailíocht an chláir um shláine struchtúrach leanúnach

26.306 Struchtúr bonnlíne criticiúil i dtaobh na strustuirse

26.307 Sonraí faoi lamháltas damáiste le haghaidh athruithe atá déanta cheana ar an struchtúr criticiúil i dtaobh na strustuirse

26.308 Sonraí faoi lamháltas damáiste le haghaidh deisiúcháin atá déanta cheana ar an struchtúr criticiúil i dtaobh na strustuirse

26.309 Treoirlínte um meastóireacht deisiúchán

26.330 Sonraí faoi lamháltas damáiste maidir le deimhnithe forlíontacha cineáil atá ann cheana, athruithe móra eile atá ann cheana agus deisiúcháin atá ann cheana a dhéanann difear do na hathruithe sin nó do na deimhnithe forlíontacha cineáil sin

26.331 Plean Comhlíontachta le haghaidh sealbhóirí deimhnithe forlíontacha cineáil

26.332 Sainaithint athruithe a dhéanann difear don struchtúr criticiúil i dtaobh na strustuirse

26.333 Sonraí faoi lamháltas damáiste maidir le deimhnithe forlíontacha cineáil, agus deisiúcháin a dhéanann difear do na deimhnithe forlíontacha cineáil sin arna bhformheas an 1 Meán Fómhair 2003 nó ina dhiaidh sin

26.334 Sonraí faoi lamháltas damáiste maidir le deimhnithe forlíontacha cineáil agus mórathruithe agus mórdheisiúcháin eile atá ann cheana a dhéanann difear do na deimhnithe forlíontacha cineáil sin nó do na hathruithe sin arna bhformheas roimh an 1 Meán Fómhair 2003

26.370 Clár cothabhála

FOCHUID C —
HÉILEACAPTAIR

26.400 Múchtóirí dóiteáin

26.405 Cosaint ar dhóiteán in urranna lastais

26.410 Rialtáin éigeandála a oibrítear faoi uisce

26.415 Bealaí amach éigeandála faoi uisce

26.420 Trealamh éigeandála le haghaidh eitilt os cionn uisce

26.425 Dálaí farraige fianaithe a sholáthar

26.430 Seasmhacht córais snámhachta éigeandála in aghaidh damáiste

26.431 Stóinseacht an deartha a chinneadh i gcás córais snámhachta éigeandála

26.435 Gníomhú uathoibríoch córais snámhachta éigeandála

26.440 Seasmhacht in aghaidh tuairte córais breosla

Foscríbhinn 1 —
Liosta na samhlacha eitleáin nach bhfuil faoi réir forálacha áirithe d'Iarscríbhinn I (Cuid-26)';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in phointe 26.10:

'**26.10 Údarás inniúil**

(a) Chun críocha na hIarscríbhinne seo, is é an t-údarás inniúil ar gá d'oibreoir aerárthaí a léiriú dó go gcomhlíonann a aerárthaí, ar deimhníodh a ndearadh cheana, ceanglais na hIarscríbhinne seo, an t-údarás inniúil a bheidh freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar an oibreoir sin nó an Ghníomhaireacht más rud é gur leithdháileadh an fhreagracht as formhaoirseacht an oibreora ar an nGníomhaireacht i gcomhréir le hAirteagail 64 nó 65 de Rialachán (AE) 2018/1139.

(b) Chun críocha na hIarscríbhinne seo, is í an Ghníomhaireacht an t-údarás inniúil ar gá do shealbhóir deimhnithe cineáil, deimhnithe shrianta cineáil, deimhnithe fhorlíontaigh cineáil, formheasa athraithe deartha nó formheasa deartha deisiúcháin a léiriú di go gcomhlíonann sé ceanglais na hIarscríbhinne seo.';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 26.30:

'**26.30 Léiriú ar chomhlíontacht**

(a) Eiseoidh an Ghníomhaireacht, i gcomhréir le hAirteagal 76(3) de Rialachán (AE) 2018/1139, sonraíochtaí deimhniúcháin mar mhodh caighdeánach chun comhlíontacht leis an Iarscríbhinn seo a léiriú. Beidh na sonraíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe agus sonrach go leor chun na coinníollacha a chur in iúl faoinar féidir comhlíontacht le ceanglais na hIarscríbhinne seo a léiriú.

(b) Oibreoirí aerárthaí agus sealbhóirí deimhnithe cineáil, deimhnithe shrianta cineáil, deimhnithe fhorlíontaigh cineáil, formheasa athraithe deartha nó formheasa deartha deisiúcháin, féadfaidh siad comhlíontacht le ceanglais na hIarscríbhinne seo a léiriú trí cheachtar díobh seo a leanas a chomhlíonadh:

(i) na sonraíochtaí arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht faoi phointe (a) nó na sonraíochtaí deimhniúcháin coibhéiseacha arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht faoi phointe 21.B.70 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012;

(ii) caighdeáin theicniúla lena gcuirtear leibhéal sábháilteachta ar fáil atá coibhéiseach le leibhéal sábháilteachta na gcaighdeán a áirítear sna sonraíochtaí deimhniúcháin sin.

(c) Cuirfidh sealbhóirí deimhnithe cineáil, deimhnithe shrianta cineáil, deimhnithe fhorlíontaigh cineáil, formheasa athraithe deartha nó formheasa deartha deisiúcháin aon athrú ar na treoracha maidir le haeracmhainneacht leanúnach arna bhforbairt chun a áirithiú go gcomhlíontar an Iarscríbhinn seo ar fáil d'oibreoirí aitheanta uile na n-aerárthaí lena mbaineann agus, arna iarraidh sin, d'aon duine eile a gceanglaítear air na treoracha sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear eagraíochtaí um bainistiú aeracmhainneachta leanúnaí. Chun críocha an Rialacháin seo, áirítear sna treoracha maidir le haeracmhainneacht leanúnach freisin iniúchtaí lamháltais damáiste, treoirlínte um meastóireacht deisiúchán, clár bonnlíne um chosc agus rialú creimthe agus liosta de struchtúir atá criticiúil i dtaobh na strustuirse agus ranna maidir le teorainneacha aeracmhainneachta.';

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Fhochuid B:

'FOCHUID B — EITLEÁIN';

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 26.100:

'26.100 Ionad na mbealaí amach éigeandála

Oibreoirí eitleán mór a úsáidtear in aeriompar tráchtála agus a bhfuil uaschumraíocht oibríochtúil suí acu d'os cionn 19 bpaisinéirí agus bealach éalaithe éigeandála amháin nó níos mó díghníomhachtaithe acu, áiritheoidh siad go mbeidh an t-achar nó na hachair idir na bealaí amach atá fágtha fós comhoiriúnach le haslonnú éifeachtach, ach amháin i gcás eitleáin mhóra a bhfuil cumraíocht imeachta éigeandála suiteáilte agus formheasta acu roimh an 1 Aibreán 1999.';

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 26.156:

'**26.156 Ábhair inslithe theirmigh nó fuaime**

Oibreoirí eitleán mór a úsáidtear san aeriompar tráchtála, a fuair deimhniú cineáil ar an 1 Eanáir 1958 nó ina dhiaidh sin, áiritheoidh siad an méid seo a leanas:

(a) i gcás eitleáin mhóra ar eisíodh an chéad deimhniú aeracmhainneachta aonair ina leith roimh an 18 Feabhra 2021, nuair a shuiteáiltear ábhair inslithe theirmigh nó fuaime nua mar ábhair ionaid an 18 Feabhra 2021 nó ina dhiaidh sin, go mbeidh saintréithe frithsheasmhachta in aghaidh leathadh lasrach ag na hábhair nua sin a choisceann nó a laghdaíonn riosca an fhorleata lasraí san eitleán;

(b) i gcás eitleáin mhóra ar eisíodh an chéad deimhniú aeracmhainneachta aonair ina leith an 18 Feabhra 2021 nó ina dhiaidh sin, go mbeidh saintréithe frithsheasmhachta in aghaidh an fhorleata lasraí ag ábhair inslithe theirmigh nó fuaime a choisceann nó a laghdaíonn riosca an fhorleata lasraí san eitleán;

(c) i gcás eitleáin mhóra ar eisíodh an chéad deimhniú aeracmhainneachta aonair ina leith an 18 Feabhra 2021 nó ina dhiaidh sin agus ag a bhfuil acmhainn iompair acu de 20 paisinéirí nó níos mó, go mbeidh saintréithe frithsheasmhachta treá lasrach ag ábhair inslithe theirmigh agus fuaime (lena n-áirítear na modhanna chun na hábhair a cheangal den chabhail) atá suiteáilte sa leath íochtarach den eitleán lena gcoisctear nó lena laghdaítear riosca an treáite lasraí isteach san eitleán tar éis tionóisce agus lena n-áirithítear go mbeidh dálaí inmharthana sa chábán ar feadh an ama is gá chun an t-eitleán a aslonnú.';

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 26.157:

'**26.157 Tiontú urranna d'Aicme D**

Oibreoirí eitleán mór a úsáidtear san aeriompar tráchtála, a fuair deimhniú cineáil ar an 1 Eanáir 1958 nó ina dhiaidh sin, áiritheoidh siad an méid seo a leanas:

(a) i gcás eitleáin mhóra, a mbíonn iompar paisinéirí i gceist ina n-oibriú, go gcomhlíonann gach urrann lastais nó bagáiste d'Aicme D, gan beann ar thoirt na hurrainne, na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme maidir le hurrann d'Aicme C;

(b) i gcás eitleáin mhóra, a mbíonn iompar lasta agus sin amháin i gceist ina n-oibriú, go gcomhlíonann gach urrann d'Aicme D, gan beann ar thoirt na hurrainne, na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme maidir le hurrann d'Aicme C nó d'Aicme E;

Ní bheidh feidhm ag an bpointe seo maidir le hoibreoirí samhla eitleáin a liostaítear i dTábla A.1 d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.';

(8) cuirtear isteach an pointe 26.175 seo a leanas:

'**26.175 Cosaint ar dhóiteán in urranna lastais**

(a) I gcás eitleáin mhóra, agus i gcás eitleáin bheaga a bhfuil uasmheáchan tráth turgabhála níos mó ná 5 700 kg (12 500 lb) acu, ar eisíodh an deimhniú aeracmhainneachta aonair ina leith den chéad uair an 1 Eanáir 2025 nó ina dhiaidh sin, sealbhóirí:

— deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil; nó

— deimhnithe fhorlíontaigh cineáil nó formheasa athraithe deartha, i gcás go mbaineann an t-athrú le hacmhainneachtaí cosanta dóiteáin in urrann lastais an eitleáin,

cuirfidh siad faisnéis maidir le saintréithe deartha an eitleáin a bhaineann le hacmhainneachtaí cosanta dóiteáin san urrann lastais ar fáil d'oibreoirí aitheanta uile na n-eitleán sin.

(b) I gcás eitleáin bheaga a bhfuil uasmheáchan tráth turgabhála 5 700 kg (12 500 lb) nó níos lú acu agus atá feistithe le hurrann lastais amháin ar a laghad atá scartha ó chró an phíolóta, agus a n-eiseofar an deimhniú aeracmhainneachta aonair ina leith den chéad uair an 1 Eanáir 2025 nó ina dhiaidh sin, sealbhóirí:

— deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil; nó

— deimhnithe fhorlíontaigh cineáil nó formheasa athraithe deartha, i gcás go mbaineann an t-athrú le hacmhainneachtaí cosanta dóiteáin in urrann lastais an eitleáin,

cuirfidh siad faisnéis maidir le saintréithe deartha an eitleáin a bhaineann le hacmhainneachtaí cosanta dóiteáin san urrann lastais i ndáil le gach urrann lastais atá scartha ó chró an phíolóta ar fáil d'oibreoirí aitheanta uile na n-eitleán sin.

(c) Beidh an fhaisnéis a chuirfear ar fáil i gcomhréir le pointí (a) agus (b) mionsonraithe go leor chun tacú le hoibreoirí agus an measúnú riosca á dhéanamh acu maidir le hiompar earraí san urrann lastais.

Beidh an fhaisnéis i ndoiciméadacht iomchuí eitleáin a chuirfear ar fáil d'oibreoirí agus a bheidh so-aitheanta ag pearsanra na n-oibreoirí atá freagrach as an measúnú riosca a dhéanamh.

(d) Sealbhóir an fhormheasa deartha, a gceanglaítear air an fhaisnéis a chur ar fáil i gcomhréir le pointe (a) nó pointe (b), déanfaidh sé athruithe ar an bhfaisnéis sin a chur ar fáil freisin d'oibreoirí aitheanta uile na n-eitleán a ndéanann an t-athrú difear dóibh.';

(9) i bpointe 26.205, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) Áiritheoidh oibreoirí eitleán mór a úsáidtear in aeriompar tráchtála go mbeidh gach eitleán mór a n-eiseofar an chéad deimhniú aeracmhainneachta aonair ina leith an 1 Iúil 2026 nó ina dhiaidh sin, feistithe le córas feasachta agus foláirimh um rith thar fóir rúidbhealaigh.';

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 26.300:

'**26.300 Clár um shláine struchtúrach leanúnach le haghaidh struchtúir eitleán atá ag éirí sean — ceanglais ghinearálta**

(a) Sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe srianta cineáil le haghaidh eitleán mór a deimhníodh an 1 Eanáir 1958 nó ina dhiaidh sin, ar cuireadh isteach an t-iarratas ar dheimhniú cineáil ina leith roimh an 1 Eanáir 2019, bunóidh sé clár leanúnach um shláine struchtúrach le haghaidh struchtúir eitleáin atá ag éirí sean, a chomhlíonfaidh na ceanglais a leagtar amach i bpointí 26.301 go 26.309.

(b) Ní bheidh feidhm ag pointe (a) maidir le samhail eitleáin mhóir ar eisíodh deimhniú cineáil ina leith roimh an 26 Feabhra 2021 agus a chomhlíonann aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(i) liostaítear í i dTábla A.1 d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo;

(ii) ní oibrítear í a thuilleadh tar éis an 26 Feabhra 2021;

(iii) níl sí deimhnithe chun oibríocht shibhialta a dhéanamh le pálasta nó le paisinéirí;

(iv) tá deimhniú srianta cineáil aici a eisíodh roimh an 26 Feabhra 2021 i gcomhréir leis na ceanglais maidir le lamháltas damáiste, ar choinníoll nach n-oibrítear í thar 75 % dá sprioc seirbhíse deartha agus go n-oibrítear í go príomha chun tacú le hoibríocht mhonaraíochta an tsealbhóra formheasa;

(v) tá sí deimhnithe le deimhniú srianta cineáil agus tá sí deartha go príomha le haghaidh comhrac dóiteáin.

Ní bheidh feidhm ag na heisceachtaí dá bhforáiltear i bpointí (b)(ii) go (v) ach amháin tar éis do shealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil liosta a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta roimh an 27 Bealtaine 2021 lena fhormheas, liosta lena sainaithnítear na cineálacha agus na samhlacha eitleáin, na hathruithe nó na sraithuimhreacha eitleáin mar aon le faisnéis a thacaíonn leis na cúiseanna ar cuireadh an t-eitleán san áireamh ar an liosta.

(c) Maidir le samhail eitleáin mhóir ar eisíodh an chéad deimhniú cineáil ina leith roimh an 26 Feabhra 2021 agus nach bhfuil athrú ná deisiú atá ann cheana ionchorpraithe in aon eitleán atá i mbun oibríochta an 26 Feabhra 2022 nó ina dhiaidh sin agus nach ndéanfar athrú ná deisiú atá ann cheana a ionchorprú ann, ní bheidh feidhm ag pointí (a)(ii) agus (iii) de phointe 26.307 agus pointe 26.308(a)(ii) más rud é, roimh an 26 Feabhra 2022, gur chuir an sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil liosta na n-athruithe agus na ndeisiúchán uile faoi bhráid na Gníomhaireachta lena fhormheas.';

(11) i bpointe 26.301, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh de phointe (a):

'Sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe srianta cineáil le haghaidh eitleán mór a deimhníodh an 1 Eanáir 1958 nó ina dhiaidh sin, ar cuireadh isteach an t-iarratas ar dheimhniú cineáil ina leith roimh an 1 Eanáir 2019, déanfaidh sé an méid seo a leanas:';

(12) i bpointe 26.302, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) Sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil le haghaidh eitleán mór a deimhníodh chun 30 paisinéir nó níos mó a iompar, nó ag a bhfuil toilleadh pálasta 3 402 kg (7 500 lb) nó níos mó, a deimhníodh an 1 Eanáir 1958 nó ina dhiaidh sin, ar cuireadh iarratas ar dheimhniú cineáil isteach ina leith roimh an 1 Eanáir 2019, déanfaidh sé meastóireacht ar lamháltas strustuirse agus damáiste struchtúr an eitleáin agus forbróidh sé an t-iniúchadh lamháltais damáiste lena gcoiscfear teipeanna tubaisteacha de dheasca strustuirse ar feadh shaolré oibríochtúil an eitleáin.';

(13) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 26.303 go pointe 26.309:

'**26.303 Teorainn bhailíochta**

(a) Sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil le haghaidh eitleán mór a deimhníodh an 1 Eanáir 1958 nó ina dhiaidh sin, ar cuireadh isteach an t-iarratas ar dheimhniú cineáil ina leith roimh an 1 Eanáir 2019, agus uasmheáchan tráth turgabhála níos mó ná 34 019 kg (75 000 lb) deimhnithe ina leith, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(i) teorainn bhailíochta a bhunú agus an teorainn bhailíochta sin a áireamh sa roinn maidir le teorainneacha aeracmhainneachta leasaithe;

(ii) gníomhaíochtaí cothabhála atá ann cheana agus gníomhaíochtaí cothabhála nua ar a mbraitheann an teorainn bhailíochta a shainaithint, agus an fhaisnéis seirbhíse is gá a fhorbairt chun na gníomhaíochtaí cothabhála sin a chur chun feidhme agus an fhaisnéis seirbhíse le haghaidh na ngníomhaíochtaí cothabhála a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta i gcomhréir le sceideal ceangailteach arna chomhaontú leis an nGníomhaireacht.

Cumraíochtaí struchtúracha an eitleáin a bhfuil meastóireacht le déanamh orthu chun an teorainn bhailíochta a bhunú, áireofar iontu gach athrú ar na samhlacha agus gach díorthach arna bhformheas faoin deimhniú cineáil roimh an 26 Feabhra 2021 agus gach athrú struchtúrach agus athsholáthar ar chumraíochtaí struchtúracha na n-eitleán sin a cheanglaítear le treoir aeracmhainneachta arna heisiúint roimh an 26 Feabhra 2021.

De mhaolú ar phointe (ii), ní cheanglófar ar shealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil le haghaidh eitleán mór faisnéis seirbhíse a fhorbairt agus a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta maidir le gníomhaíocht chothabhála is infheidhme maidir le samhail eitleáin mhóir nach n-oibreofar a thuilleadh tar éis an phointe tíolactha sceidealta le haghaidh fhaisnéis seirbhíse an ghnímh chothabhála sin. Ionas go dtiocfaidh an eisceacht sin i bhfeidhm, cuirfidh an sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil an Ghníomhaireacht ar an eolas tráth nach déanaí ná an dáta a scoirfidh an tsamhail eitleáin d'oibriú.

(b) Cuirfidh an sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil an teorainn bhailíochta arna bunú i gcomhréir le pointe (a) agus an leasú ar an roinn maidir le teorainneacha aeracmhainneachta dá dtagraítear sa phointe sin mar aon leis an sceideal ceangailteach faoi bhráid na Gníomhaireachta, roimh na sprioc-amanna a leagtar síos sna pointí (i), (ii) agus (iii) seo a leanas, lena bhformheas:

(i) an 26 Lúnasa 2022 i gcás struchtúr atá criticiúil i dtaobh na strustuirse a bhfuil bonn deimhniúcháin aige nach n-áirítear meastóireacht ar lamháltas damáiste leis;

(ii) an 26 Feabhra 2026 i gcás struchtúr eitleáin atá faoi réir tástáil strustuirse iomlán leanúnach ar dháta infheidhmeachta an Rialacháin leasaithigh seo;

(iii) an 26 Feabhra 2025 i gcás gach struchtúr eitleáin eile.

(c) Iarratasóir ar dheimhniú cineáil nó ar dheimhniú srianta cineáil, dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(c), le haghaidh eitleán mór ag a bhfuil uasmheáchan tráth turgabhála níos mó ná 34 019 kg (75 000 lb), déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(i) teorainn bhailíochta a bhunú agus an teorainn bhailíochta sin a áireamh sa roinn maidir le teorainneacha aeracmhainneachta;

(ii) gníomhaíochtaí cothabhála atá ann cheana agus gníomhaíochtaí cothabhála nua ar a mbraitheann an teorainn bhailíochta a shainaithint, agus an fhaisnéis seirbhíse is gá a fhorbairt chun na gníomhaíochtaí cothabhála sin a chur chun feidhme agus an fhaisnéis seirbhíse le haghaidh na ngníomhaíochtaí cothabhála a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta i gcomhréir le sceideal ceangailteach arna chomhaontú leis an nGníomhaireacht.

(d) An t-iarratasóir ar dheimhniú cineáil nó ar dheimhniú srianta cineáil, dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (c), cuirfidh sé an teorainn bhailíochta a bhunaítear i gcomhréir le pointe (c) den phointe seo agus an roinn maidir le teorainneacha aeracmhainneachta dá dtagraítear sa phointe sin mar aon leis an sceideal ceangailteach faoi bhráid na Gníomhaireachta lena fhormheas:

(i) roimh an dáta arna fhormheas ag an nGníomhaireacht i bplean an iarratasóra chun tástálacha agus anailísí a chur i gcrích ar aon struchtúr eitleáin a éilíonn tástáil strustuirse iomlán nua chun tacú le bunú na teorann bailíochta;

(ii) roimh an 26 Feabhra 2025 i gcás gach struchtúr eitleáin eile.

26.304 Clár um chosc agus rialú creimthe

(a) Sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil le haghaidh eitleán mór a deimhníodh an 1 Eanáir 1958 nó ina dhiaidh sin, ar cuireadh isteach an t-iarratas ar dheimhniú cineáil ina leith roimh an 1 Eanáir 2019, bunóidh sé clár bonnlíne um chosc agus rialú creimthe.

(b) Mura mbeidh an clár bonnlíne um chosc agus rialú creimthe dá dtagraítear i bpointe (a) formheasta cheana ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le pointe 21.A.3B(c)(1) d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 nó i dtuarascáil ón mbord athbhreithnithe cothabhála arna formheas ag an nGníomhaireacht, cuirfidh an sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil an clár um chosc agus rialú creimthe faoi bhráid na Gníomhaireachta roimh an 26 Feabhra 2023, lena fhormheas.

(c) Iarratasóir ar dheimhniú cineáil nó ar dheimhniú srianta cineáil, dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(c), le haghaidh eitleán mór, bunóidh sé clár bonnlíne um chosc agus rialú creimthe sula n-eiseofar an deimhniú cineáil.

26.305 Bailíocht an chláir um shláine struchtúrach leanúnach

(a) Sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil le haghaidh eitleán mór a deimhníodh an 1 Eanáir 1958 nó ina dhiaidh sin, ar cuireadh isteach an t-iarratas ar dheimhniú cineáil ina leith roimh an 1 Eanáir 2019, bunóidh sé próiseas lena n-áiritheofar go leanfaidh an clár leanúnach um shláine struchtúrach de bheith bailí ar feadh shaolré oibríochtúil an eitleáin, agus taithí seirbhíse agus oibríochtaí reatha á gcur san áireamh, agus cuirfidh sé an próiseas sin chun feidhme.

(b) Cuirfidh an sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil tuairisc ar an bpróiseas dá dtagraítear i bpointe (a) faoi bhráid na Gníomhaireachta roimh an 26 Feabhra 2023 lena formheas. Cuirfidh an sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil an próiseas chun feidhme laistigh de 6 mhí tar éis don Ghníomhaireacht é a fhormheas.

(c) Iarratasóir ar dheimhniú cineáil nó ar dheimhniú srianta cineáil, dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (c), le haghaidh eitleán mór, bunóidh sé agus cuirfidh chun feidhme próiseas lena n-áiritheofar go leanfaidh an clár um shláine struchtúrach leanúnach de bheith bailí ar feadh shaolré oibríochtúil an eitleáin, agus taithí seirbhíse agus oibríochtaí reatha á gcur san áireamh. Cuirfidh sé tuairisc ar an bpróiseas faoi bhráid na Gníomhaireachta roimh an 26 Feabhra 2023, nó roimh eisiúint an deimhnithe, cibé acu is déanaí a tharlóidh, lena fhormheas agus cuirfidh sé an próiseas chun feidhme laistigh de 6 mhí tar éis don Ghníomhaireacht é a fhormheas.

26.306 Struchtúr bonnlíne criticiúil i dtaobh na strustuirse

(a) Sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil le haghaidh eitleán mór arna dheimhniú an 1 Eanáir 1958 nó ina dhiaidh sin, ar cuireadh iarratas ar dheimhniú cineáil isteach ina leith roimh an 1 Eanáir 2019, agus atá deimhnithe chun 30 paisinéir nó níos mó a iompar, nó ag a bhfuil toilleadh pálasta 3 402 kg (7 500 lb) nó níos mó, déanfaidh sé na struchtúir bhonnlíne criticiúil i dtaobh na strustuirse a shainaithint agus a liostú le haghaidh gach athrú ar na samhlacha eitleáin agus díorthaigh samhla eitleáin a áirítear sa deimhniú cineáil nó sa deimhniú srianta cineáil.

(b) Cuirfidh an sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil liosta de na struchtúir dá dtagraítear i bpointe (a) faoi bhráid na Gníomhaireachta roimh an 26 Lúnasa 2021 lena fhormheas.

(c) Tar éis don Ghníomhaireacht an liosta dá dtagraítear i bpointe (a) a fhormheas, cuirfidh an sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil ar fáil é do shealbhóirí deimhnithe fhorlíontaigh cineáil nó formheasa ar mhórathrú a gceanglaítear orthu pointe 26.330 a chomhlíonadh, agus d'oibreoirí aitheanta uile na n-eitleán sin agus, arna iarraidh sin, d'eagraíochtaí atá freagrach as aeracmhainneacht leanúnach a bhainistiú chun tacú leis na hoibreoirí a gceanglaítear orthu pointe 26.370 a chomhlíonadh.

(d) Iarratasóir ar dheimhniú cineáil nó ar dheimhniú srianta cineáil, dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (c), le haghaidh eitleán mór atá le deimhniú chun 30 paisinéir nó níos mó a iompar, nó ag a bhfuil toilleadh pálasta 3 402 kg (7 500 lb) nó níos mó, déanfaidh sé na struchtúir bhonnlíne criticiúil i dtaobh na strustuirse a shainaithint agus a liostú le haghaidh gach athrú agus díorthach ar na samhlacha eitleáin a áirítear sa deimhniú cineáil nó sa deimhniú srianta cineáil. Cuirfidh sé liosta na struchtúr sin faoi bhráid na Gníomhaireachta roimh an 26 Lúnasa 2021, nó sula n-eiseofar an deimhniú, cibé acu is déanaí a tharlóidh, lena fhormheas.

(e) Ar fhormheas an liosta dá dtagraítear i bpointe (d) ag an nGníomhaireacht, déanfaidh an t-iarratasóir ar dheimhniú cineáil nó ar dheimhniú srianta cineáil, dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (c), é a chur ar fáil d'oibreoirí aitheanta uile na n-eitleán sin agus, arna iarraidh sin, d'eagraíochtaí atá freagrach as aeracmhainneacht leanúnach a bhainistiú chun tacú leis na hoibreoirí a gceanglaítear orthu pointe 26.370 a chomhlíonadh.

26.307 Sonraí faoi lamháltas damáiste le haghaidh athruithe atá déanta cheana ar an struchtúr criticiúil i dtaobh na strustuirse

(a) Sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil le haghaidh eitleán mór a deimhníodh an 1 Eanáir 1958 nó ina dhiaidh sin agus a deimhníodh chun 30 paisinéir nó níos mó a iompar, nó ag a bhfuil toilleadh pálasta 3 402 kg (7 500 lb) nó níos mó, maidir le hathruithe agus struchtúir mhodhnaithe atá criticiúil i dtaobh na strustuirse a bhí ann an 26 Feabhra 2021, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(i) athbhreithniú a dhéanamh ar athruithe dearaidh atá ann cheana agus gach athrú a dhéanann difear do struchtúir bhonnlíne atá criticiúil i dtaobh na strustuirse a shainaithnítear i gcomhréir le pointe 26.306 a shainaithint;

(ii) i gcás gach athraithe a shainaithnítear i gcomhréir le pointe (i), aon struchtúr modhnaithe atá criticiúil i dtaobh na strustuirse atá gaolmhar a shainaithint;

(iii) i gcás gach athraithe a shainaithnítear i gcomhréir le pointe (i), meastóireacht a dhéanamh ar lamháltas damáiste agus na hiniúchtaí lamháltais damáiste gaolmhara a bhunú agus a dhoiciméadú.

(b) Cuirfidh an sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil liosta de gach struchtúr modhnaithe atá criticiúil i dtaobh na strustuirse a shainaithnítear i gcomhréir le pointe (a)(ii) faoi bhráid na Gníomhaireachta roimh an 26 Feabhra 2022 lena formheas.

(c) Cuirfidh an sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil na sonraí maidir le lamháltas damáiste, lena n-áirítear iniúchadh lamháltais damáiste, a bheidh mar thoradh ar an meastóireacht arna déanamh i gcomhréir le pointe (a)(iii) faoi bhráid na Gníomhaireachta roimh an 26 Lúnasa 2022, lena bhformheas.

(d) Tar éis don Ghníomhaireacht an liosta de na struchtúir mhodhnaithe atá criticiúil i dtaobh na strustuirse arna thíolacadh i gcomhréir le pointe (b) a fhormheas, cuirfidh an sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil an liosta sin ar fáil do shealbhóirí deimhnithe cineáil fhorlíontaigh nó formheasa ar mhórathrú a gceanglaítear orthu pointe 26.330 a chomhlíonadh, agus d'oibreoirí aitheanta uile na n-eitleán sin agus, arna iarraidh sin, d'eagraíochtaí atá freagrach as aeracmhainneacht leanúnach a bhainistiú chun tacú leis na hoibreoirí a gceanglaítear orthu pointe 26.370 a chomhlíonadh.

26.308 Sonraí faoi lamháltas damáiste le haghaidh deisiúcháin atá déanta cheana ar struchtúir atá criticiúil i dtaobh na strustuirse

(a) Sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil srianta le haghaidh eitleán mór a deimhníodh an 1 Eanáir 1958 nó ina dhiaidh sin agus a deimhníodh chun 30 paisinéir nó níos mó a iompar, nó ag a bhfuil toilleadh pálasta 3 402 kg (7 500 lb) nó níos mó, maidir le deisiúcháin fhoilsithe a bhí ann an 26 Feabhra 2021, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(i) athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí deisiúcháin agus gach deisiú a shainaithint a shonraítear sna sonraí a dhéanann difear do struchtúir bhonnlíne atá criticiúil i dtaobh na strustuirse agus do struchtúir mhodhnaithe atá criticiúil i dtaobh na strustuirse a shainaithnítear i gcomhréir le pointe 26.306(a) agus pointe 26.307(a)(ii);

(ii) meastóireacht a dhéanamh ar lamháltas damáiste maidir le gach deisiú a shainaithnítear i gcomhréir le pointe (i), mura ndearnadh roimhe sin é.

(b) Cuirfidh an sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil na sonraí maidir le lamháltas damáiste, lena n-áirítear na hiniúchtaí lamháltais damáiste, a bheidh mar thoradh ar an meastóireacht arna déanamh i gcomhréir le pointe (a)(ii) faoi bhráid na Gníomhaireachta roimh an 26 Bealtaine 2022 lena bhformheas, mura mbeidh siad formheasta cheana féin i gcomhréir le pointe 21.A.435(b)(2) d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 roimh an 26 Lúnasa 2022.

26.309 Treoirlínte um meastóireacht deisiúchán

(a) Sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil le haghaidh eitleán mór a deimhníodh an 1 Eanáir 1958 nó ina dhiaidh sin agus a deimhníodh chun 30 paisinéir nó níos mó a iompar, nó ag a bhfuil toilleadh pálasta 3 402 kg (7 500 lb) nó níos mó, agus ar eisíodh deimhniú cineáil nó deimhniú srianta cineáil ina leith roimh an 11 Eanáir 2008, treoirlínte um meastóireacht deisiúchán a fhorbairt chun an méid seo a leanas a bhunú:

(i) próiseas chun suirbhéanna a dhéanamh ar eitleáin lena mbaineann lena gcumasaítear sainaithint agus doiciméadú na ndeisiúchán uile atá ann cheana a dhéanann difear do na struchtúir atá criticiúil i dtaobh na strustuirse a shainaithnítear i gcomhréir le pointe 26.306(a) agus pointe 26.307(a)(ii);

(ii) próiseas lena gcuirtear ar chumas oibreoirí agus eagraíochtaí atá freagrach as aeracmhainneacht leanúnach a bhainistiú iniúchadh lamháltais damáiste a fháil le haghaidh deisiúcháin arna sainaithint i gcomhréir le pointe (i);

(iii) sceideal cur chun feidhme lena soláthraítear tréimhsí ama chun suirbhéanna ar eitleáin a dhéanamh, iniúchtaí lamháltais damáiste a fháil agus iniúchtaí lamháltais damáiste a ionchorprú i gclár cothabhála an eitleáin.

(b) Cuirfidh an sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil na treoirlínte um meastóireacht deisiúchán arna bhforbairt i gcomhréir le pointe (a)(ii) faoi bhráid na Gníomhaireachta roimh an 26 Feabhra 2023 lena bhformheas.';

(14) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 26.330 go pointe 26.334:

'26.330 Sonraí faoi lamháltas damáiste maidir le deimhnithe forlíontacha cineáil a atá ann cheana, athruithe móra eile atá ann cheana agus deisiúcháin atá ann cheana a dhéanann difear do na deimhnithe forlíontacha cineáil sin nó do na hathruithe sin

(a) Sealbhóir deimhnithe fhorlíontaigh cineáil a eisíodh roimh an 26 Feabhra 2021, nó sealbhóir formheasa ar mhórathrú a measadh a bheith formheasta i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, le haghaidh eitleáin mhóra a deimhníodh an 1 Eanáir 1958 nó ina dhiaidh sin chun 30 paisinéir nó níos mó a iompar, nó ag a bhfuil toilleadh pálasta 3 402 kg (7 500 lb) nó níos mó, tabharfaidh sé aghaidh ar éifeachtaí díobhálacha na n-athruithe agus na ndeisiúchán sin ar an struchtúr eitleán chun tacú le comhlíonadh phointe 26.370(a)(ii) agus comhlíonfaidh sé na ceanglais a leagtar amach i bpointí 26.331 go 26.334.

(b) Ní bheidh feidhm ag pointe (a) maidir le mórathruithe agus mórdheisiúcháin ar shamhail eitleáin mhóir a deimhníodh den chéad uair roimh an 26 Feabhra 2021 nuair a chomhlíonann an tsamhail eitleáin sin aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(i) liostaítear é i dTábla A.1 d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo;

(ii) ní oibrítear í a thuilleadh tar éis an 26 Feabhra 2021;

(iii) níl sé deimhnithe chun oibríocht shibhialta a dhéanamh le pálasta nó le paisinéirí;

(iv) tá deimhniú srianta cineáil aige agus deimhníodh é i gcomhréir leis na ceanglais maidir le lamháltas damáiste, ar choinníoll nach n-oibrítear é thar 75 % dá sprioc seirbhíse deartha agus go n-oibrítear é go príomha chun tacú le hoibríocht mhonaraíochta an tsealbhóra deimhnithe cineáil;

(v) eisíodh deimhniú srianta cineáil ina leith agus tá sé deartha go príomha le haghaidh comhrac dóiteáin.

(c) Ní bheidh feidhm ag pointe (a) maidir le mórathruithe agus mórdheisiúcháin ar eitleán mór a deimhníodh den chéad uair roimh an 26 Feabhra 2021 nuair nach bhfuil na hathruithe nó na deisiúcháin ionchorpraithe in aon eitleán mór atá i mbun oibríochta ar an 26 Lúnasa 2022 nó ina dhiaidh sin, agus nuair nach ndéanfar sin.

(d) Ní bheidh feidhm ag na heisceachtaí dá bhforáiltear i bpointí (b)(ii) go (v) agus (c) ach amháin tar éis do shealbhóir formheasa an athraithe liosta na n-athruithe a dhéanann difear do struchtúir bhonnlíne atá criticiúil i dtaobh na strustuirse, mar aon le faisnéis a thacaíonn leis na cúiseanna ar cuireadh gach athrú san áireamh ar an liosta, a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta roimh an 26 Feabhra 2022 lena fhormheas.

26.331 Plean Comhlíontachta le haghaidh sealbhóirí deimhnithe forlíontacha cineáil

Déanfaidh an sealbhóir formheasa dá dtagraítear i bpointe 26.330(a) an méid seo a leanas:

(a) plean comhlíontachta a bhunú lena dtabharfar aghaidh ar cheanglais phointí 26.332 go 26.334;

(b) an plean comhlíontachta dá dtagraítear i bpointe (a) den phointe seo a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta roimh an 25 Lúnasa 2021, lena fhormheas.

26.332 Sainaithint athruithe a dhéanann difear don struchtúr criticiúil i dtaobh na strustuirse

(a) Déanfaidh an sealbhóir formheasa dá dtagraítear i bpointe 26.330(a) an méid seo a leanas:

(i) athbhreithniú a dhéanamh ar na hathruithe agus na hathruithe sin a dhéanann difear do struchtúir bhonnlíne atá criticiúil i dtaobh na strustuirse a shainaithint;

(ii) i gcás gach athraithe a shainaithnítear i gcomhréir le pointe (i), aon struchtúr modhnaithe atá criticiúil i dtaobh na strustuirse atá gaolmhar a shainaithint;

(iii) na deisiúcháin fhoilsithe a dhéanann difear do gach athrú a shainaithint i gcomhréir le pointe (i).

(b) Maidir le formheas um athrú a eisíodh an 1 Meán Fómhair 2003 nó ina dhiaidh sin, déanfaidh an sealbhóir formheasa dá dtagraítear i bpointe (a) liosta de na hathruithe agus de na struchtúir mhodhnaithe atá criticiúil i dtaobh na strustuirse a shainaithnítear i gcomhréir le pointí (a)(i) agus (ii) a fhorbairt agus a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta roimh an 26 Feabhra 2022 lena fhormheas, agus, ar fhormheas ón nGníomhaireacht, cuirfidh sé an liosta ar fáil d'oibreoirí aitheanta uile na n-eitleán sin agus, arna iarraidh sin, d'eagraíochtaí atá freagrach as aeracmhainneacht leanúnach a bhainistiú chun tacú leis na hoibreoirí a gceanglaítear orthu pointe 26.370(a)(ii) a chomhlíonadh.

(c) Maidir le formheas um athrú a eisíodh roimh an 1 Meán Fómhair 2003, déanfaidh an sealbhóir formheasa dá dtagraítear i bpointe (a) an méid seo a leanas:

(i) liosta de gach struchtúr modhnaithe atá criticiúil i dtaobh na strustuirse a shainaithnítear i gcomhréir le pointe (a)(i) a fhorbairt agus a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta roimh an 26 Feabhra 2022 lena formheas;

(ii) arna iarraidh sin d'oibreoirí agus d'eagraíochtaí atá freagrach as aeracmhainneacht leanúnach a bhainistiú chun tacú leis na hoibreoirí a gceanglaítear orthu pointe 26,370(a)(ii) a chomhlíonadh, aon struchtúr modhnaithe atá criticiúil i dtaobh na strustuirse a bhaineann leis an athrú a shainaithint agus a liostú agus na sonraí sin a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta laistigh de 12 mhí ón iarraidh, lena bhformheas;

(iii) ar fhormheas aon sonraí arna gcur isteach i gcomhréir le pointí (c)(i) agus (ii), na sonraí sin a chur ar fáil d'oibreoirí aitheanta uile na n-eitleán sin agus, arna iarraidh sin, d'eagraíochtaí atá freagrach as aeracmhainneacht leanúnach a bhainistiú chun tacú leis na hoibreoirí a gceanglaítear orthu pointe 26.370(a)(ii) a chomhlíonadh.

26.333 Sonraí faoi lamháltas damáiste maidir le deimhnithe forlíontacha cineáil agus deisiúcháin a dhéanann difear do na deimhnithe forlíontacha cineáil sin arna bhformheas an 1 Meán Fómhair 2003 nó ina dhiaidh sin

(a) Maidir le formheas um athrú a eisíodh roimh an 1 Meán Fómhair 2003, déanfaidh an sealbhóir formheasa dá dtagraítear i bpointe 26.330(a) an méid seo a leanas:

(i) meastóireacht ar lamháltas damáiste, i ndáil le hathruithe agus deisiúcháin fhoilsithe a shainaithnítear i gcomhréir le pointí (a)(i) agus (a)(iii) de phointe 26.332, faoi seach;

(ii) an t-iniúchadh lamháltais damáiste lena mbaineann a chur in iúl agus a dhoiciméadú, mura bhfuil sin déanta cheana féin.

(b) Cuirfidh an sealbhóir formheasa dá dtagraítear i bpointe (a) na sonraí maidir leis an lamháltas damáiste a eascraíonn as an meastóireacht ar lamháltas damáiste a rinneadh i gcomhréir le pointe (a)(i) faoi bhráid na Gníomhaireachta roimh an 26 Feabhra 2023, lena bhformheas, ach amháin má formheasadh cheana féin iad i gcomhréir le pointe 21.B.111 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012.

(c) De mhaolú ar phointe (b), maidir le hathruithe nach raibh ceanglas maidir le meastóireacht ar lamháltas damáiste acu ar bhonn an deimhniúcháin, cuirfidh an sealbhóir formheasa dá dtagraítear i bpointe (a) na sonraí maidir le lamháltas damáiste a eascraíonn as an meastóireacht ar lamháltas damáiste a rinneadh i gcomhréir le pointe (a) faoi bhráid na Gníomhaireachta, laistigh de na sprioc-amanna seo a leanas, cibé acu is déanaí a tharlóidh, lena bhformheas:

(i) sula ndéanfar eitleán ag a bhfuil an t-athrú sin ionchorpraithe a oibriú i gcomhréir le hIarscríbhinn IV (Cuid-CAT) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012; nó

(ii) roimh an 26 Feabhra 2023.

26.334 Sonraí faoi lamháltas damáiste maidir le deimhnithe forlíontacha cineáil agus mórathruithe agus mórdheisiúcháin eile atá ann cheana a dhéanann difear do na deimhnithe forlíontacha cineáil sin nó do na hathruithe sin arna bhformheas roimh an 1 Meán Fómhair 2003

(a) Arna iarraidh sin d'oibreoirí agus d'eagraíochtaí atá freagrach as aeracmhainneacht leanúnach a bhainistiú, chun tacú le pointe 26.370(a)(ii) a chomhlíonadh, maidir le formheas um athrú a eisíodh roimh an 1 Meán Fómhair 2003, déanfaidh an sealbhóir formheasa dá dtagraítear i bpointe 26.330(a) an méid seo a leanas:

(i) meastóireacht ar lamháltas damáiste, i ndáil le hathruithe agus deisiúcháin fhoilsithe a shainaithnítear i gcomhréir le pointí (a)(i) agus (a)(iii) de phointe 26.332, faoi seach;

(ii) an t-iniúchadh lamháltais damáiste lena mbaineann a chur in iúl agus a dhoiciméadú, mura bhfuil sin déanta cheana féin.

(b) Déanfaidh sealbhóir formheasa dá dtagraítear i bpointe (a) na sonraí maidir le lamháltas damáiste a eascraíonn as an meastóireacht a dhéantar a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta i gcomhréir le mír (a)(i):

(i) laistigh de 24 mhí ó fuarthas an iarraidh, i gcás iarrataí a fuarthas roimh an 26 Feabhra 2023, lena bhformheas; nó

(ii) roimh an 26 Feabhra 2025 nó laistigh de 12 mhí ó fuarthas iarraidh, cibé acu is déanaí a tharlóidh, i gcás iarrataí a fuarthas roimh an 26 Feabhra 2023, lena bhformheas.';

(15) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 26.370:

'**26.370 Clár cothabhála**

(a) Oibreoirí eitleán mór a deimhníodh ar an 1 Eanáir 1958 nó ina dhiaidh, áiritheoidh siad go n-áireofar an méid seo a leanas i gcláir chothabhála na n-eitleán sin:

(i) le haghaidh eitleáin mhóra a deimhníodh chun 30 paisinéir nó níos mó a iompar, nó ag a bhfuil toilleadh pálasta níos mó ná 3 402 kg (7 500 lb), iniúchtaí lamháltais damáiste formheasta;

(ii) le haghaidh eitleáin mhóra a oibrítear i gcomhréir le hIarscríbhinn IV (Cuid-CAT) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 agus atá deimhnithe chun 30 paisinéir nó níos mó a iompar, nó ag a bhfuil toilleadh pálasta níos mó ná 3 402 kg (7 500 lb), modh chun aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag deisiúcháin agus athruithe ar struchtúir atá criticiúil i dtaobh na strustuirse agus ar iniúchtaí dá bhforáiltear i bpointe (a)(i);

(iii) i gcás eitleáin mhóra atá deimhnithe le huasmheáchan tráth turgabhála níos mó ná 34 019 kg (75 000 lb), teorainn bhailíochta fhormheasta;

(iv) clár bonnlíne um chosc agus rialú creimthe.

(b) Beidh feidhm ag na sprioc-amanna seo a leanas maidir leis an oibleagáid dá dtagraítear i bpointe (a):

(i) déanfar athbhreithniú ar chlár cothabhála na n-eitleán chun aghaidh a thabhairt ar cheanglais phointí (a)(i), (ii) agus (iv) roimh an 26 Feabhra 2024 nó roimh an eitleán a oibriú, cibé acu is déanaí a tharlóidh;

(ii) déanfar athbhreithniú ar chlár cothabhála na n-eitleán chun aghaidh a thabhairt ar cheanglais phointe (a)(iii) roimh an 26 Lúnasa 2021, nó 6 mhí tar éis fhoilsiú na teorann bailíochta, nó sula n-oibrítear an t-eitleán, cibé acu is déanaí a tharlóidh.

(c) I gcás samhla eitleáin mhóir a deimhníodh den chéad uair roimh an 26 Feabhra 2021 agus:

(i) nach n-oibrítear a thuilleadh tar éis an 26 Feabhra 2024, ní bheidh feidhm ag pointí (a)(i), (a)(ii) agus (a)(iv);

(ii) nach n-oibrítear a thuilleadh tar éis an 26 Lúnasa 2021, ní bheidh feidhm ag pointí (a)(iii);

(iii) ag a bhfuil deimhniú srianta cineáil a eisíodh roimh an 26 Feabhra 2021 i gcomhréir leis na ceanglais maidir le lamháltas damáiste, ar choinníoll nach n-oibrítear é thar 75 % dá sprioc seirbhíse deartha agus go n-oibrítear é go príomha chun tacú le hoibríocht mhonaraíochta an tsealbhóra formheasa, ní bheidh feidhm ag pointí (a)(i), (a)(ii) agus (a)(iv).

(d) I gcás samhla eitleáin mhóir ag a bhfuil deimhniú srianta cineáil a eisíodh roimh an 26 Feabhra 2021 agus arb é comhrac dóiteáin is príomhchuspóir dó, ní bheidh feidhm ag pointí (a)(i) agus (a)(ii).';

(16) cuirtear isteach an pointe 26.405 seo a leanas:

‘**26.405 Cosaint ar dhóiteán in urranna lastais**

(a) I gcás héileacaptair bheaga agus mhóra araon atá feistithe le hurrann lastais amháin ar a laghad atá scartha ó chró an phíolóta, agus a n-eiseofar an deimhniú aeracmhainneachta aonair ina leith den chéad uair an 1 Eanáir 2025 nó ina dhiaidh sin, sealbhóirí:

— deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil; nó

— deimhnithe fhorlíontaigh cineáil nó formheasa athraithe deartha, i gcás go mbaineann an t-athrú le hacmhainneachtaí cosanta dóiteáin in urrann lastais an héileacaptair,

cuirfidh siad faisnéis maidir le saintréithe deartha an héileacaptair a bhaineann le hacmhainneachtaí cosanta dóiteáin san urrann lastais i ndáil le gach urrann lastais atá scartha ó chró an phíolóta ar fáil d’oibreoirí aitheanta uile na héileacaptar sin.

(b) Beidh an fhaisnéis a chuirfear ar fáil i gcomhréir le pointe (a) mionsonraithe go leor chun tacú le hoibreoirí agus an measúnú riosca á dhéanamh acu maidir le hiompar earraí san urrann lastais.

Beidh an fhaisnéis i ndoiciméadacht iomchuí héileacaptair a chuirfear ar fáil d’oibreoirí agus beidh sí so-aitheanta ag pearsanra na n-oibreoirí atá freagrach as an measúnú riosca a dhéanamh.

(c) Sealbhóir an fhormheasa deartha, a gceanglaítear air an fhaisnéis a chur ar fáil i gcomhréir le pointe (a), déanfaidh sé athruithe ar an bhfaisnéis sin a chur ar fáil freisin d’oibreoirí aitheanta uile na héileacaptar a ndéanann an t-athrú difear dóibh.’;

(17) cuirtear isteach an pointe 26.440 seo a leanas:

‘26.440 Seasmhacht an chórais breosla in aghaidh tuairte

Áiritheoidh oibreoirí héileacaptar beag agus héileacaptar mór go n-íoslaghdófar an dóchúlacht go dtarlódh dóiteán iarthuairte a mhéid is indéanta agus an córas breosla á dhearadh sna cásanna seo a leanas:

(a) eisíodh an deimhniú cineáil héileacaptair an 2 Deireadh Fómhair 1994 nó ina dhiaidh sin, agus:

(1) eisítear an chéad deimhniú aeracmhainneachta aonair maidir leis an héileacaptar an 22 Nollaig 2026, nó

(2) eisítear an chéad deimhniú aeracmhainneachta aonair maidir leis an héileacaptar roimh an 22 Nollaig 2026, agus:

(i) má eisíonn Ballstát aon deimhniú aeracmhainneachta aonair an 22 Nollaig 2024 nó ina dhiaidh sin, tar éis allmhairiú an héileacaptair ó Stát nach Ballstát é, nó

(ii) más amhlaidh an méid seo a leanas:

(A) dearadh an héileacaptar le haghaidh seisear taistealaithe nó níos mó, agus oibrítear é ar an 22 Nollaig 2031 nó ina dhiaidh sin; nó

(B) dearadh an héileacaptar le haghaidh cúigear taistealaithe nó níos lú, agus oibrítear é ar an 22 Nollaig 2039 nó ina dhiaidh sin.

(b) eisíodh an deimhniú cineáil héileacaptair roimh an 2 Deireadh Fómhair 1994, agus:

(1) eisítear an chéad deimhniú aeracmhainneachta aonair maidir leis an héileacaptar an 22 Nollaig 2026 nó ina dhiaidh sin, nó,

(2) Eisítear an chéad deimhniú aeracmhainneachta aonair maidir leis an héileacaptar roimh an 22 Nollaig 2026 agus má eisíonn Ballstát aon deimhniú aeracmhainneachta aonair an 22 Nollaig 2024 nó ina dhiaidh sin, tar éis allmhairiú an héileacaptair ó Stát nach Ballstát é.’;

(18) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Fhoscríbhinn 1:

'Foscríbhinn 1

Liosta na samhlacha eitleáin nach bhfuil faoi réir forálacha áirithe d'Iarscríbhinn I (Cuid-26)

Tábla A.1

Sealbhóir deimhnithe cineáil	Cineál	Samhlacha	Sraithuimhir an mhonaróra	Forálacha Iarscríbhinn I (Cuid-26) NACH bhfuil feidhm acu
The Boeing Company	707	Iad uile		26.301 go 26.334
The Boeing Company	720	Iad uile		26.301 go 26.334
The Boeing Company	DC-10	DC-10-10 DC-10-30 DC-10-30F	Iad uile	26.301 go 26.334
The Boeing Company	DC-8	Iad uile		26.301 go 26.334
The Boeing Company	DC-9	DC-9-11, DC-9-12, DC-9-13, DC-9-14, DC-9-15, DC-9-15F, DC-9-21, DC-9-31, DC-9-32, DC-9-32 (VC-9C), DC-9-32F, DC-9-32F (C-9A, C-9B), DC-9-33F, DC-9-34, DC-9-34F, DC-9-41, DC-9-51	Iad uile	26.301 go 26.334
The Boeing Company	MD-90	MD-90-30	Iad uile	26.301 go 26.334
FOKKER SERVICES B.V.	F27	Marc 100, 200, 300, 400, 500, 600, 700	Iad uile	26.301 go 26.334
FOKKER SERVICES B.V.	F28	Marc 1000, 1000C, 2000, 3000, 3000C, 3000R, 3000RC, 4000	Iad uile	26.301 go 26.334
GULFSTREAM AEROSPACE CORP.	G-159	G-159 (Gulfstream I)	Iad uile	26.301 go 26.334
GULFSTREAM AEROSPACE CORP.	G-II_III_IV_V	G-1159A (GIII) G-1159B (GIIB) G-1159 (GII)	Iad uile	26.301 go 26.334

Sealbhóir deimhnithe cineáil	Cineál	Samhlacha	Sraithuimhir an mhonaróra	Forálacha Iarscríbhinn I (Cuid-26) NACH bhfuil feidhm acu
KELOWNA FLIGHTCRAFT LTD.	CONVAIR 340/440	440	Iad uile	26.301 go 26.334
LEARJET INC.	Learjet 24/25/31/36/35/55/60	24, 24A, 24B, 24B-A, 24D,24D-A, 24F, 24F-A, 25, 25B, 25C, 25D, 25F	Iad uile	26.301 go 26.334
LOCKHEED MARTIN CORPORATION	1329	Iad uile		26.301 go 26.334
LOCKHEED MARTIN CORPORATION	188	Iad uile		26.301 go 26.334
LOCKHEED MARTIN CORPORATION	382	382, 382B, 382E, 382F, 382G	Iad uile	26.301 go 26.334
LOCKHEED MARTIN CORPORATION	L-1011	Iad uile		26.301 go 26.334
PT. DIRGANTARA INDONESIA	CN-235	Iad uile		26.301 go 26.334
SABRELINER CORPORATION	NA-265	NA-265-65	Iad uile	26.301 go 26.334
VIKING AIR LIMITED	SD3	SD3-30 Sherpa SD3 Sherpa	Iad uile	26.301 go 26.334
VIKING AIR LIMITED	DHC-7	Iad uile		26.301 go 26.334
VIKING AIR LIMITED	CL-215	CL-215-6B11	Iad uile	26.301 go 26.334
TUPOLEV PUBLIC STOCK COMPANY	TU-204	204-120CE	Iad uile	26.301 go 26.334
AIRBUS	An tsraith A320	A320-251N, A320-271N	10033, 10242, 10281 agus 10360	26.60
AIRBUS	An tsraith A321	A321-271NX	10257, 10371 agus 10391	26.60
AIRBUS	An tsraith A330	A330-243, A330-941	1844, 1861, 1956, 1978, 1982, 1984, 1987, 1989, 1998, 2007, 2008 agus 2011	26.60

Sealbhóir deimhnithe cineáil	Cineál	Samhlacha	Sraithuimhir an mhonaróra	Forálacha Iarscríbhinn I (Cuid-26) NACH bhfuil feidhm acu
ATR-GIE Avions de Transport Régional	An tsraith ATR 72	ATR72-212A	1565, 1598, 1620, 1629, 1632, 1637, 1640, 1642, 1649, 1657, 1660, 1661	26.60
The Boeing Company	An tsraith 737	737-8 agus 737-9	43299, 43304, 43305, 43310, 43321, 43322, 43332, 43334, 43344, 43348, 43391, 43579, 43797, 43798, 43799, 43917, 43918, 43919, 43921, 43925, 43927, 43928, 43957, 43973, 43974, 43975, 43976, 44867, 44868, 44873, 60009, 60010, 60040, 60042, 60056, 60057, 60058, 60059, 60060, 60061, 60063, 60064, 60065, 60066, 60068, 60194, 60195, 60389, 60434, 60444, 60455,	26.60

Sealbhóir deimhnithe cineáil	Cineál	Samhlacha	Sraithuimhir an mhonaróra	Forálacha Iarscríbhinn I (Cuid-26) NACH bhfuil feidhm acu
			61857, 61859, 61862, 61864, 62451, 62452, 62453, 62454, 62533, 63358, 63359, 63360, 64610, 64611, 64612, 62613, 64614, 65899, 66147, 66148, 66150	
GULFSTREAM AEROSPACE LP.	An tsraith G100 Gulfstream	1125 Astra 1125 Astra SP G100/Astra SPX	Iad uile	26.157
GULFSTREAM AEROSPACE LP	An tsraith G100 Gulfstream	Gulfstream G150	Iad uile	26.157
GULFSTREAM AEROSPACE LP.	An tsraith GALAXY G200	Gulfstream 200/Galaxy	Iad uile	26.157
LEARJET INC.	Learjet- Samhail 45	Iad uile	Iad uile	26.157
LEARJET INC.	Learjet 24/25/31/36/35/55/60	55, 55B, 55C	Iad uile	26.157
LEARJET INC.	Learjet- Samhail 60	Iad uile	Iad uile	26.157
TEXTRON AVIATION INC.	An tsraith 650	650	Iad uile	26.157
TEXTRON AVIATION INC.	An tsraith Cessna 500/550/ S550/560/560XL	500 550 560 560XL S550	Iad uile	26.157
TEXTRON AVIATION INC.	An tsraith Hawker	An tsraith BAe.125 Hawker 750 Hawker 800XP	Iad uile	26.157
TEXTRON AVIATION INC.	An tsraith CESSNA 750 (Citation X)	750	Iad uile	26.157’